



Oifigeach Riaracháin (GRÁD VII)

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ag iarraidh Oifigeach Riaracháin buan lánaimseartha a earcú. Sannfar an té i dtosach do Rannán an AE agus cabhróidh an tOifigeach Riaracháin le bainistíocht airgeadais, dualgais mhonatóireachta agus mheasúnaithe Chlár Réigiúnach comhchistithe Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

An Post

Tuairisceofar leis an Stiúrthóir Cúnta, Rannán an AE agus i measc na ndualgas tosaigh, beidh an méid seo a leanas san áireamh:

- Cabhrú le bainistiú agus cur i bhfeidhm teicniúil (bainistiú airgeadais san áireamh) ar na Cláir Réigiúnacha i gcomhréir le Rialacháin ábhartha Chiste Struchtúrach agus Chiste Eorpach Infheistíochta an AE
- Freastal ar an Tionól Réigiúnach agus a Choistí agus a Fhochoistí agus, ach go háirithe, Coiste Faireacháin an Chláir Réigiúnaigh
- Ionadaíocht a dhéanamh don Tionól Réigiúnach ar choistí seachtracha gaolmhara
- Cabhrú le cláir / tionscadail eile an AE a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm, faoi mar a thagann siad aníos

An Duine

Caithfidh an t-iarrthóir idéalach a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil taithí dhóthanach agus cuntas teiste cruthaithe acu sna limistéir seo a leanas:

- Tuiscint agus eolas ar struchtúr agus feidhmeanna an rialtais áitiúil agus réigiúnaigh
- Eolas ar shaincheisteanna beartais, tosaíochtaí agus buarthaí reatha áitiúla agus réigiúnacha agus treoir straitéiseach an rialtais réigiúnaigh
- Tuiscint ar ról Oifigeach Riaracháin
- Taithí ábhartha riaracháin ar leibhéal atá ard a dhóthain
- Taithí ar an bhfoireann a bhainistiú agus a mhaoirsiú, feidhmíocht a bhainistiú san áireamh
- Taithí ar thuarascálacha, cuir i láthair, comhfhreagras etc. a chur le chéile, a ullmhú agus a chur i láthair
- Scileanna éifeachtacha bainistithe buiséid agus airgeadais agus acmhainní
- Eolas agus taithí ar chórais TFC a oibriú

Ba cheart go mbeadh na riachtanais inmhianaithe seo a leanas ag an iarrthóir idéalach freisin;

- Eolas ar Bheartas AE, Beartas Comhtháthaithe, go sonrath
- Taithí ar chlár nó tionscadail chistithe AE a bhainistiú, bainistíocht airgeadais, measúnú agus cumarsáid san áireamh.
- Eolas ar chórais TF - Réitigh Bhainistíochta Deontais, bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí (CRM), Fiontraíocht, Bainistíocht Tionscadal

Tuarastal

Idir €59,417 agus €77,243 sa bhliain (Breisiú Fadseirbhíse san áireamh) é an tuarastal d'iontrálaithe nua.

Láthair

Tá Ceannteathrú an Tionóil Réigiúnaigh i gCathair Phort Láirge agus beidh an post bunaithe sa Ceannteathrú. Tá beartas cianoibre á fhorbairt ag an Tionól Réigiúnach agus beidh socruithe oibre faoi lánrogha an Tionóil Réigiúnaigh.

Dáta Deiridh

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais líonta a fháil ná 4:00pm **Déardaoin, an 29 Bealtaine 2025**

Tuilleadh Sonraí

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí a íoslódáil ón láithreán gréasáin

www.southernassembly.ie nó ó hr@southernassembly.ie

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt tiomanta do bheartas comhionannas deise

